



Tráth 3: Teaghlaigh an Ghrá

Acmhainní don Tionól

Bíodh croí oscailte creidmheach agat. Is le Dia an chuid eile a dhéanamh.

(An Pápa Proinsias, éisteacht ghinearálta, Cearnóg Pheadair, 29 Márta 2017)



Spás Beannaithe

Cuireadh gach rang siombail i láthair (m.sh. dán, scéal, ceol, ealaín) a léiríonn téama an ghrá. Caithfidh na daltaí míniú gearr scríofa a thabhairt ar bhrí an bhronntanais.

Cuirfear ar taispeáint sa spás beannaithe iad, agus ar PowerPoint chomh maith.

Ceannaire: Seasann cách agus cantar an t-amhrán tosaigh. Le linn an amhráin tugann na daltaí an choinneal agus an Bíobla isteach sa spás beannaithe.

Amhrán Tosaigh:

'A Joy for All the Earth' Iomann Oifigiúil Chruinniú Domhanda na dTeaghlach

Fáiltiú:

Lastar coinneal na Cásca le cur in iúl dúinn go bhfuil Dia inár measc.

Tráth ciúin.

Cruinnimid lena chéile inniu mar phobal na scoile, le ceiliúradh a dhéanamh ar shaol an teaghlaigh, agus le guí ar son ár muintir ghrámhar féin. Déanaimid grá Dé dúinne a cheiliúradh, agus an grá atá againne dá chéile chomh maith.

In *Amoris Laetitia* (Lúcháir an Ghrá) deir an Pápa Proinsias linn go ndéanaimid teagmháil le Dia sa bhaile i measc ár muintir féin; bíodh go mbíonn ár ndeacrachtaí agus ár ndúshláin féin le sárú againn, bíonn an grá agus an dóchas le sonrú chomh maith (315). Ní saol bog é saol an teaghlaigh, ach is ann is minice a bhíonn taithí an ghrá againn.

Nuair a bhímid ag trácht ar an ngrá i measc an teaghlaigh, ní rud mothúchánach amháin é. Deir An Pápa Proinsias linn gur fearr a bheith ag trácht air de réir an fhocail Eabhraise ar an ngrá; ciallaíonn sé 'an mhaitheas a dhéanamh'. Mar a deir Naomh Iognáid Loyola, is fearr a léirítear an grá i ngníomh seachas i mbriathar. (AL, 94).

Urnaí Thosaigh:

Paidir Oifigiúil Chruinniú Domhanda na dTeaghlach



Deasghnáth an Chruinnithe:

Bíodh ceithre choinneal neamh-lasta sa spás beannaithe. Cuir an choinneal Chásca (nó coinneal thoirtíúil eile) in áit shuntasach, lasfar na ceithre choinneal eile ón gceann seo.

Dalta: Cuirimid fáilte roimh chách a tháinig chun an tionól urnaí seo a roinnt linn. Cruinnimid lena chéile le buíochas a ghabháil le Dia.

Ofrálaimid solas an dóchais. Go mbeidh an solas seo ag lonrú in bhur gcroí, agus go roinnfidh sibh grá Dé lena chéile i ngach aon fhocal a deirtear agus i ngach aon ghníomh a ndéantar.

Baineann dalta úsáid as fáideog leis an gcéad choinneal a lasadh ó choinneal na Cásca.

Tuismitheoir/seantuismitheoir: Ofrálaimid solas an ghrá. Beir solas an ghrá leat pé áit ina mbíonn tú, agus cuimhnigh air go mbeidh solas lasta i gcónaí romhat sa bhaile.

Lasann tuismitheoir/seantuismitheoir an dara choinneal ó choinneal na Cásca.

Ball foirne: Ofrálaimid solas an lúcháir. Beir solas an lúcháir leat i measc do chairde agus do ghaolta, agus tú ag obair nó ag imirt nó ag freastal ar an duine eile.

Lasann ball foirne an tríú choinneal ó choinneal na Cásca.

Paróisteach: Ofrálaimid solas an chreidimh. Beir solas an chreidimh leat ar fud an tsaoil, agus bí sásta a bheith mar bhall den phobal Críostaí agus mar lóchrann do chách.

Lasann paróisteach, an ceathrú coinneal ó choinneal na Cásca.

Machnamh Aithrí:

Bíonn an oiread sin grá ag Dia dúinn go ndéanann sé gach cion a mhaitheamh. Fiú má théimid ar seachrán uaidh, bíonn sé ag faire agus ag feitheamh go grámhar, ag súil le go bhfillimid in am trátha air.

Nuair a labhraímid ar bhealach goilliúnach easaontach lena chéile.

A Thiarna déan trócaire orainn.

A Thiarna déan trócaire orainn.

Nuair a dhéanaimid an rogha a bhíonn in aghaidh toil Dé.

A Chríost déan trócaire orainn.

A Chríost déan trócaire orainn.

Nuair a bhímid daorbhreithiúnach agus do-mhaite lena chéile.

A Thiarna déan trócaire orainn.

A Thiarna déan trócaire orainn.



Scriptúr:

Sliocht ón Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin (15:15–17)

Glóir duit, a Thiarna.

Ach thug mé cairde oraibh, óir gach a gcuala ó m'Athair, chuir mé in iúl daoibh é. Ní sibhse a rinne mise a thoghadh, ach mise a rinne sibhse a thoghadh, agus a cheapadh chun go n-imeodh sibh agus toradh a thabhairt agus go mairfeadh bhur dtoradh; i dtreo, cibé ní a d'iarrfadh sibh ar an Athair i m'ainm, go dtabharfadh sé daoibh é. Is iad seo m'aitheanta daoibh: sibh a thabhairt grá dá chéile. Soiscéal an Tiarna.

Moladh duit, A Thiarna Íosa Críost.

Fianaise:

Foireann Hoyt: Scéal faoin nGrá Gan Choinníoll:

teamhoyt.com



Rugadh Rick Hoyt sa bhliain 1962. Toisc go raibh easpa ocsaigine dá inchinn ann ag an am ar rugadh é, rinneadh ceathairphléigeach spasmach le pairilis cheirbreach de Rick. Dúradh leis na tuismitheoirí Dick agus Judy, nach raibh seans ar bith aige teacht as, agus nach raibh saol 'normálta' ar bhealach ar bith roimhe. Chuir Dick agus Judy rompu féachaint chuige go bhféadfadh Rick páirt bhríoch a ghlacadh in imeachtaí pobail, spóirt, oideachais agus go ndéanfaí é a ullmhú don ionad oibre.

In earrach na bliana 1977, dúirt Rick lena athair gur mhaith leis páirt a ghlacadh i spraoi-rith carthanachta cúig mhíle a reáchtáladh mar iarracht thiomsaithe airgid d'imreoir crosógaíochta a bhí mar phairiliseach i ndiaidh timpiste. Cé nach reathaí láidir a bhí ann, d'aontaigh Dick leis, agus bhrúigh sé Rick ina chathaoir rotha ar feadh cúig mhíle. Ba iad an dara ghrúpa ón deireadh a chríochnaigh an rith. Arsa Rick lena athair níos déanaí an oíche sin: 'A Dhaid, nuair a bhím ag rith, samhlaítear dom nach duine faoi éalang mé.'

Ba é sin an chéad rás de bhreis agus míle rás a chríochnaigh an Fhoireann Hoyt. Ina measc bhí rásaí maratóin, dé-atlain, trí-atlain agus sé iarracht na bhfear iarainn.

Thrasnaigh Dick agus Rick na Stáit Aontaithe sa bhliain 1992, cuid de ag rith, cuid ar rothair. Rinneadar 3,735 míle i gceann cúig lá agus daichead. An míliú rith a rinne Foireann Hoyt, ba é maratón Bhostúin é, an maratón is ansa le Rick.

Ní theastaíonn ó Dick nó ó Rick scor ón spórt, agus leanann siad de bheith ag rith go dtí an lá atá inniu ann.

Cuireadh ceist ar Rick lá, faoin rud a bhronnfadh sé ar a athair. Arsa Rick: 'Ba bhreá liom m'athair a chur ag suí uair amháin sa chathaoir, agus go bhféadfadh mise é a bhrú thart.'





Machnamh:

Bun agus Barr an Scéil

Charles Pierre Péguy

Cuirfidh mise fíis os do chomhair, is mise a spreagann gach smaoineamh maith ionat. Seans nach spreagadh praiticiúil sodhéanta a chuirfear romhat. Ní oirfidh an spreagadh don duine faiteach. Beidh ort dul sa seans. Táthar ann nach gcuirfidh a gceann féin i mbaol. B'fhéarr leo a bheith ar a sáimhín gan freagracht ar bith orthu. Déanfaidh siad neamhaird ar aon rud a chuirfeadh as dóibh. Tá aicme ann áfach a thabharfaidh aire don spreagadh a thugaim dóibh, don fhíis a chuirim rompu. Tabharfaidh siad cluas le héisteacht, ar bhealach misniúil, foighneach, suairc fiú. Is liomsa an chuid eile a dhéanamh.

Beidh ionadh an domhain orthu faoin ábaltacht, faoin gcumas, faoin neart atá iontu. Nuair a dhéanfar a gcuid éachtaí a aithris, beidh ionadh ar chách. Beidh sibh go minic i dteagmháil liomsa nuair a bhíonn an obair seo ar siúl. Beidh mé le sonrú sa pháirtí a roinneann an chontúirt libh, sna cairde a chuireann a gcuid muinín asaibh, sna daoine a dhéanann an tógáil libh. Beidh mé le sonrú i measc na ndaoine a dhéanfaidh iontas den mhéid a chruthaíonn sibh, agus a spreagfar le dul i ngníomh iad féin, dá bharr.

Beidh an dea-lá agus an drochlá agaibh, taithe éagsúil agaibh, tiocfaidh an dá shórt uaimse.

Mar sin, bíodh sibh socair in bhur gcroí istigh. Is í m'fhíis féin atá á chur i gcrích agaibh, tá sibh mar fhinnéithe ar an aire a thugaim do chách, roinneann sibh mo ghrá ar a chéile. Is é sin bun agus barr an scéil.

Guí an Phobail:

Ceannaire: A Dhia, a Athair grámhar, is sinne do chlann féin. Cuirimid ár n-urnaí umhal dhóchasach os do chomhair:

1. Guímid ar son cheannairí an Rialtais agus na hEaglaise. Go gcuire siad riachtanais an duine eile san áireamh nuair a bhíonn na cinntí á dhéanamh, riachtanais na mbochtán agus an aicme dhíothach ach go háirithe. A Thiarna éist linn.
A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
2. Guímid go mbeidh meas againn i gcónaí ar luachanna an chairdis agus an ghrá. Iarraimid ort an misneach a bhronnadh orainn an focal cóir ionraic a rá. Bímis sásta seasamh a ghlacadh ar son na córa, agus an ceart a chur i bhfeidhm, fiú má chuireann sé as do dhaoine áirithe eile. A Thiarna éist linn.
A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
3. Guímid go mbeidh cairdeas grámhar Íosa mar ghrásta againn a thabharfaidh an neart dúinn a thoil a dhéanamh, ionas go gcaithfimid ár saol ar bhealach ionraic macánta. Tuigimid go bhfuil Íosa i ndán dúinn, go dtugann sé ár ndúshlán a bheith grámhar cróga. A Thiarna éist linn.
A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
4. Iarraimid ort a Thiarna go mbeidh ar ár gcumas freagairt íogair a thabhairt ar na riachtanais éagsúla a thagann chun solais sa pharóiste seo, agus i measc thíortha an Tríú domhain. A Thiarna éist linn.
A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
5. Guímid ar son na dteaghlach a mbíonn drochthionchar ag spleáchas ar dhrugaí, ar alcól, ar an gcearrbhachas orthu. A Thiarna deonaigh go mbronnfaimid cairdeas agus tacaíocht ghrámhar mhisniúil orthu. A Thiarna éist linn.
A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
6. A Thiarna, gabhaimid buíochas leat as an tacaíocht a fuaireamar ónár dtuismitheoirí. Táimid go mór faoi chomaoín an ghrá gan choinníoll a bhronnadar orainn, an fhlaithiúlacht, an tuiscint. Deonaigh go dtuigfidh siad an dea-thionchar a bhíonn acu orainn. A Thiarna éist linn.
A Thiarna bí ceansa agus éist linn.



7. A Thiarna, bronn an grásta orainn a bheith ar ár gcumas gaol fiúntach a chothú leis an duine eile. Deonaigh go mbeidh grá agus taithí dhearfach ar fáil dúinn sna gaolta sin. A Thiarna éist linn.

A Thiarna bí ceansa agus éist linn.

Ceannaire: Tuigimid go maith go dtugann ár nAthair ar Neamh cluas le héisteacht dúinn. Guímis go ciúin chuige anois de réir ár n-intinní féin.

Tráth ciúin.

A Thiarna Dia, iarraimid go humhal ort glacadh lenár nguí agus freagairt oiriúnach de réir do thola a thabhairt orainn. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. Amen.

Paidir Dheiridh:

A Athair, deonaigh go mbeidh do ghrá mar an lóchrann a lasann an t-aistear saoil romhainn. Má chuirimid aithne ghrámhar cheart ortsa, beidh ar ár gcumas aire ghrámhar a thabhairt don duine eile, agus a bheith mar chara do chách. Sin é ár nguí trí Chríost ár dTiarna. Amen.

Amhrán:

Paidir Eifeasach